Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Uimhir Iarrthóra

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

General Certificate of Secondary Education
2023–2024

# Eolaíocht Teastais Shingil: Ceimic

Aonad 2

Bonnsraith

**[GSA21]**

*GSA21*

**DÉ CÉADAOIN 22 BEALTAINE 2024, MAIDIN**

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.**
**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach ná ar leathanaigh bhána.**
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** de na **deich** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **10**.
Tá Bileog Sonraí, ina bhfuil Tábla Peiriadach na nDúl, leis seo le húsáid.

14361.02

1 **(a)** I scoileanna, bíonn siombailí ar choimeádáin do cheimiceáin le rabhadh a thabhairt do dhaltaí maidir leis na dainséir a bhaineann leo.

**(i)** Cad é an t-ainm a thugtar ar na siombailí seo?

Ciorclaigh do fhreagra.

**guais** **slándáil** **uilíoch** **sábháilteacht**

[1]

**(ii)** Seachas rabhadh a thabhairt faoi dhainséar, luaigh **aon** fháth **amháin** a n-úsáidtear siombailí in áit focal.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(b)** Bain úsáid as línte le gach siombail a mheaitseáil leis an dainséar.

| **Siombail** | **Dainséar** |
|---|---|
|  | creimneach |
|  | pléascach |
|  | tocsaineach |

[2]

**2** **(a)** Tugann an tábla thíos faisnéis ar roinnt aigéad agus alcailí.

**(i)** Comhlánaigh an tábla.

Roghnaigh ó:

**dearg** **4** **alcaile** **11** **neodrach**

**aigéad** **7** **oráiste**

| Tuaslagán | pH | Dath le táscaire uilíoch | Aigéad/alcaile/ neodrach |
|---|---|---|---|
| sú líomóide | 4 | | aigéad |
| púdar bácála | 9 | gorm | alcaile |
| tae | 6 | buí | |
| uisce | | glas | neodrach |

[3]

**(ii)** Is aigéad atá ina phríomhchúis le meath na bhfiacla. Mínigh cad chuige a bhfuil púdar bácála i roinnt taois fiacla.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(b)** Luaigh **aon** bhuntáiste **amháin** a bhaineann le méadar pH a úsáid seachas táscaire uilíoch le pH a thomhas.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

**3** Bailíodh an méarlorg thíos ó dhromchla bán ag láthair choire.



**(a)** Ainmnigh an cineál patrúin de mhéarlorg atá ar taispeáint thuas.

_______________________________________________ [1]

**(b)** Tá na céimeanna a d'úsáidfeadh eolaí le méarlorg a thógáil ó dhromchla ag láthair choire tugtha thíos.
**Níl** siad san ord cheart.

**1.** Farasbarr púdair a scuabadh de.

**2.** Púdar a chroitheadh ar an dromchla.

**3.** An méarlorg a aistriú ar chárta.

**4.** An méarlorg a thógáil le téip thrédhearcach.

**(i)** Cuir na céimeanna **1**, **2**, **3** agus **4** san ord cheart.

________ ________ ________ ________ [2]

**(ii)** Ainmnigh **aon** phúdar **amháin** is féidir a úsáid le méarloirg a amharcléiriú ar dhromchla **bán**.

_______________________________________________ [1]

**(c)** Luaigh **aon** fháth **amháin** a bhfuil méarloirg úsáideach ag cuidiú le hamhrastach a shainaithint.

______________________________________________ [1]

**(d)** Luaigh **aon** úsáid **amháin** eile a bhaineann le méarloirg.

______________________________________________ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

**4** **(a)** Taispeánann an tábla thíos méid na gcineálacha difriúla de dhramhaíl a **athchúrsáladh** i dTuaisceart Éireann in 2019.

| Cineál dramhaíola | Méid a athchúrsáladh/tonaí |
|---|---|
| cannaí | 1200 |
| páipéar | 21 400 |
| earraí leictreacha | 4000 |
| dramhaíl ghlas | 44 000 |
| dramhaíl eile | 20 200 |
| gloine | |
| **Iomlán** | **96 800** |

**(i)** Ríomh méid na gloine a athchúrsáladh in 2019.

**Taispeáin do chuid oibre.**


_______________ tona [2]

Ba é 200 000 tona méid iomlán na dramhaíola a **táirgeadh** i dTuaisceart Éireann in 2019. B'éigean don rialtas an **leathchuid** den iomlán seo a athchúrsáil le go mbainfeadh siad a sprioc amach.

**(ii)** Ríomh cá mhéad a bhí siad faoi bhun na sprice seo.

_______________ tona [1]

**(iii)** Bain úsáid as faisnéis ón tábla thall leis na lipéid ar an phíchairt thíos a chomhlánú.




[1]

Buntáiste amháin a bhaineann le hathchúrsáil ná go laghdaíonn sí úsáid na láithreán líonta talún.

**(b)** Luaigh **aon** fháth **amháin** a bhfuil laghdú ar úsáid na láithreán líonta talún tábhachtach.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

**5** Is féidir le ceimiceáin a bheith ina ndúile, ina gcomhdhúile nó ina meascáin.


**(a)** Cad é a chiallaíonn an téarma **meascán**?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

Is feidir léaráidí cáithníní a úsáid le dúile, comhdhúile agus meascáin a léiriú.




**(b)** Cé acu léaráid **A**, **B** nó **C** a léiríonn:

dúil íon? ____________

comhdhúil íon? ____________ [2]

**(c)** Comhlánaigh an tábla thíos trí **aon** tic (✓) **amháin** a chur i ngach sraith lena thaispeáint cé acu dúil, comhdhúil nó meascán atá sa cheimiceán.

Tá an chéad cheann déanta duit.

| Ceimiceán | Dúil | Comhdhúil | Meascán |
|---|---|---|---|
| litiam | ✓ | | |
| héiliam | | | |
| amóinia | | | |

[2]

**(d)** Cad é foirmle na comhdhúile sulfáit chopair(II)?

Ciorclaigh do fhreagra.

**$CuSO_2$** **$Cu_2SO_4$** **$CuSO_4$**

[1]

**(e)** Tá an fhoirmle $KHCO_3$ ag an chomhdhúil hidrigincharbónáit photaisiam.

**(i)** Cá mhéad dúil atá i láthair in $KHCO_3$?


_______________ [1]

**(ii)** Cá mhéad adamh atá léirithe ag an fhoirmle $KHCO_3$?

_______________ [1]

6 Anseo thíos tá imlíne de Thábla Peiriadach na linne seo.

Léiríonn na litreacha **A**, **B**, **C**, **D** agus **E** suíomhanna roinnt dúl.




**(a)** Cé acu dúil, **A**, **B**, **C**, **D** nó **E**:

arb í an miotal is imoibríche í? ____________

ar gás í? ____________

ar miotal cré-alcaileach í? ____________ [3]

**(b)** Comhlánaigh na habairtí seo a leanas faoi fhorbairt an Tábla Pheiriadaigh.

In 1869, chuir an t-eolaí Rúiseach Dmitri ______________________________ na dúile aithnide uilig isteach i dtábla peiriadach. Chuir sé in ord iad de réir ______________________________ adamhach. [2]

**(c)** Cad chuige **nár** cuireadh na triathgháis san áireamh i dtábla peiriadach an eolaí Rúisigh?

__________________________________________________________________ [1]


**7** Tugann an tábla thíos roinnt faisnéise ar na dúile sóidiam agus alúmanam.

**(a)** Comhlánaigh an tábla.

| **Dúil** | **Uimhir adamhach** | **Maisuimhir** | **Líon** | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **prótón** | **neodrón** | **leictreon** |
| sóidiam | 11 | 23 | 11 | 12 | |
| alúmanam | 13 | 27 | 13 | | 13 |

[2]

**(b)** Comhlánaigh an léaráid thíos le struchtúr leictreonach an **alúmanaim** a thaispeáint.




[1]

**(c)** Déan cur síos ar an dóigh a bhfoirmítear **ian** alúmanaim ó adamh alúmanaim.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

8 (a) Is féidir nanaitheicneolaíocht a úsáid le héadaí a chruthú le gnéithe feabhsaithe amhail cosaint ar UV agus airíonna frithbholaidh. Is féidir í a úsáid fosta le héadaí a chruthú atá níos neamhdhíobhálaí don timpeallacht.

Dé-ocsaíd nanaithíotáiniam, déanann sí cosaint ar an ghrian in éadaí, díreach mar a dhéanann sí in uachtair ghréine. Fitear nan-airgead isteach i bhfabraic le hairíonna frithbhaictéaracha a thabhairt di, ag marú na mbaictéar ar cúis leo boladh a bheith ar éadaí de bharr allais.

Cé go síleann eolaithe atá ag déanamh staidéar ar nan-ábhair go bhféadfadh siad an dóigh a maireann muid a athrú, tá imní éigin ann maidir lena n-úsáid.

Bain úsáid as an fhaisnéis sin agus as do chuid eolais féin leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

(i) Luaigh **aon** bhuntáiste **amháin** le nan-airgead a úsáid in éadaí.
Mínigh do fhreagra.

[2]

(ii) Luaigh **aon** bhuntáiste **amháin** le nanacháithníní a úsáid in uachtair ghréine.

[1]

(iii) Cad chuige a bhfuil roinnt eolaithe imníoch faoi úsáid na nan-ábhar?

[1]

**(b)** Tá buidéal linbh ar taispeáint thíos atá déanta as ábhar cliste.




Is plaisteach é an t-ábhar cliste seo a athraíonn dath ó ghorm go dearg nuair a chuirtear leacht te leis.

**(i)** Cén t-ainm a thugtar ar an chineál seo d'ábhar cliste?

______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh cad chuige a ndéanann úsáid an chineáil seo d'ábhar cliste an buidéal níos sábháilte nuair a bhíonn leanbh á chothú.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

9 **(a)** Tugann an tábla thíos faisnéis ar cheithre hidreacarbón.

| **Hidreacarbón** | **Líon adamh carbóin** | **Leáphointe/°C** | **Fiuchphointe/°C** |
|---|---|---|---|
| meatán | 1 | –182.0 | –161.0 |
| eatán | 2 | –183.0 | –88.0 |
| própán | 3 | –188.0 | –42.0 |
| bútán | 4 | –138.0 | –0.5 |

**(i)** Ainmnigh an hidreacarbón leis an **leáphointe** is airde.

______________________________________________ [1]

**(ii)** Déan cur síos ar an treocht san **fhiuchphointe** de réir mar a athraíonn líon na n-adamh carbóin.


______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(b)** Tugtar sa tábla thíos an fuinneamh a scaoiltear nuair a dhóitear na ceithre hidreacarbón.

| **Hidreacarbón** | **Líon adamh carbóin** | **Fuinneamh a scaoiltear nuair a dhóitear é/ kJ an mól** |
|---|---|---|
| meatán | 1 | 900 |
| eatán | 2 | 1550 |
| própán | 3 | 2200 |
| bútán | 4 | 2850 |

**(i)** Ar an eangach thíos breac agus tarraing **líneghraf** leis an fhaisnéis seo a thaispeáint.




[3]

**(ii)** Is hidreacarbón é peantán a bhfuil **cúig** adamh carbóin aige. Déan tuar ar an fhuinneamh a scaoilfear nuair a dhófar peantán.

______________ kJ an mól [1]

**(c)** Comhlánaigh an chothromóid focal do dhóchán an mheatáin.


meatán + ocsaigin ⟶ [ ] + [ ]

[2]

**[Tiontaigh an leathanach**

**10** Táirgeann iain mhiotail dhifriúla dathanna difriúla lasrach nuair a dhéantar iad a théamh go láidir.

Déan cur síos ar an dóigh a mbainfeá úsaid as an fhearas thíos le tástáil lasrach a dhéanamh le dhá shampla a shainaithint, ceann ina bhfuil iain photaisiam agus ceann ina bhfuil iain chailciam.




Ba chóir go gcuimseodh do fhreagra:

- cur síos ar an mhodh;
- **aon** réamhchúram sábháilteachta **amháin**; agus
- na torthaí a mbeifeá ag dúil lena bhfeiceáil nuair a dhéantar gach sampla a thástáil.

**Sa cheist seo, measúnófar thú ar scileanna na cumarsáide scríofa agat, lena n-áirítear úsáid na saintéarmaí eolaíocha.**

[6]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

*Foinsí:*
*C1(b) . . . Príomhscrúdaitheoir × 3*
*C3 . . . . ©Gettyimages*
*C4(a)(iii) . Príomhscrúdaitheoir*
*C6 . . . . Príomhscrúdaitheoir*
*C5(b) . . . Príomhscrúdaitheoir*
*C7(b) . . . Príomhscrúdaitheoir*
*C8(b) . . . ©AdobeStock*
*C10. . . . Príomhscrúdaitheoir*

# NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |

| | |
|---|---|
| **Marc Iomlán** | |

**Uimhir Scrúdaitheora** 

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.